GX 1080

OLLSCOIL NA HÉIREANN

GAILLIMH

DÁMHA NA NDÁN IS AN LÉINN CHEILTIGH

SCOIL NA GAEILGE

SCRÚDUITHE NA BLIANA 2002-03

SEIMEASTAR 1

AN DARA BLIAIN

An Chéad Pháipéar

NG 227 (2.5 ECTS), NG 237 (2.5 ECTS)

Alan Titley
Mícheál Mac Craith
Gearóid Denvir

Trí huaire an chloig a cheadófar.

Trí cheist le freagairt – **ceist amháin** as Roinn A agus **dhá cheist** as Roinn B.

Úsáid freagarleabhar ar leith do gach roinn.

ROINN A: NG 227 TEANGA NA NUA-GHAEILGE

Scríobh aiste ar ábhar amháin acu seo a leanas ***(gan dul thar 3 leathanach):***

(a) Mo chéad saoire thar lear.

(b) An eaglais in Éirinn inniu.

(c) Cá mbeimis gan ár gcairde?

(d) Is beag an t-idéalachas a fheictear i saol na linne seo.

(e) Eachtra, leabhar nó scannán a bhain geit asat.

ROINN B: NG 237 LITRÍOCHT AN FICHIÚ HAOIS

Freagair ceist a haon ***agus*** *ceist a dó anseo thíos. Ní ceadmhach úsáid a bhaint as an ábhar céanna sa dá fhreagra.*

1. 'Is iomaí cor a tháinig i seánra an ghearrscéil in imeacht an 20ú haois, ó scéal simplí traidisiúnta thús na haoise go dtí scéalta dúshlánacha na haimsire seo.'

   Pléigh an ráiteas sin maidir le saothar **bheirt údar ar a laghad** atá léite agat ar an gcúrsa seo.

2. 'An té atá gan locht, caitheadh sé an chéad chloch, más fíor don seanfhocal. Carachtair lochtacha, laga, ciontacha fiú, atá i leabhar Uí Chonaire, *An Chéad Chloch*.'

   Pléigh an tuairim sin.

   Nó

   'Scéalta "aisteacha" iad gearrscéalta Mhichíl Uí Chonghaile in *An Fear a Phléasc* ach tá fírinne dhaonna ar chúl na haistíle céanna.'

   Pléigh an tuairim sin.

   Nó

   'Cnuasach dorcha, duairc, dólásach é *Cogaí* le Daithí Ó Muirí, ach san am céanna is fabhailscéalta iad dár n-aimsir féin.'

   Do thuairim faoin ráiteas sin.